RIALACHÁN (AE) 2020/875 ÓN GCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh táirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha a áirithiú, ar táirgí iad nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas, agus dá bhrí sin chun aon suaitheadh sa mhargadh i gcás na dtáirgí sin a sheachaint, osclaíodh taraif-chuótaí uathrialaitheacha le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ([1]) ón gComhairle. Laistigh de na taraif-chuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíocha áirithe a áirithiú, agus ós rud é nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá taraif-chuótaí nua a oscailt d'uimhreacha ordaithe 09.2580, 09.2581 agus 09.2583 ag rátaí nialasacha dleachta le haghaidh cainníochtaí iomchuí na dtáirgí sin.

(3) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíocha áirithe a áirithiú, ba cheart méideanna taraif-chuótaí d'uimhreacha ordaithe 09.2634 agus 09.2668 a mhéadú.

(4) Toisc nach leordhóthanach a thuilleadh raon feidhme an taraif-cuóta d'uimhir ordaithe 09.2652 chun freastal ar riachtanais oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas, ba cheart tuairisc an táirge seo a chumhdaítear leis an taraif-cuóta sin a leasú.

(5) I gcás taraif-cuóta d'uimhir ordaithe 09.2588, ba cheart síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2020 a chur le tréimhse an chuóta, toisc nach raibh an taraif-chuóta sin ar oscailt ach ar feadh tréimhse sé mhí ach go bhfuil sé fós chun leas an Aontais é a choinneáil ar bun.

(6) Na substaintí Sulfáit Démheitile (CAS RN 77-78-1) ag a bhfuil íonacht 99 % ar a laghad, 2-Meitiolanailín (CAS RN 95-53-4) ag a bhfuil íonacht 99 % ar a laghad de réir meáchain agus 4,4'-Meatáindé-ildé-anailín (CAS RN 101-77-9) ag a bhfuil íonacht 97 % ar a laghad de réir meáchain, cuirtear san áireamh iad ar an liosta iarrthóirí dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus cuirtear an tsubstaint le CAS RN 101-77-9 san áireamh le hIarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin. Ar an mbonn sin, ba cheart taraif-chuótaí atá ann cheana le haghaidh na substaintí sin a dhúnadh de réir a chéile agus ba cheart feidhm a bheith ag aon taraif-chuóta a osclófar as an nua ar feadh tréimhse theoranta. Dá bhrí sin, na taraif-chuótaí a bhfuil uimhreacha ordaithe 09.2648 agus 09.2730 acu ba cheart feidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2020 agus ráta caighdeánach dleachta 2 % a bheith acu. Ina theannta sin, ba cheart an taraif-chuóta a bhfuil uimhir ordaithe 09.2590 aige a dhúnadh agus ba cheart taraif-chuóta nua a bhfuil uimhir ordaithe 09.2582 aige a oscailt go dtí an 31 Nollaig 2020 a mbeidh ráta caighdeánach dleachta 2 % aige.

(7) Agus na leasuithe atá le déanamh á gcur san áireamh, agus ar mhaithe leis an tsoiléire, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 a ionadú.

(8) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na dtaraif-chuótaí, agus chun na treoirlínte sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le fionraithe agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le taraif-chuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2020. Ba cheart an Rialachán seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 7/2010 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 319).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2637	ex 0710 40 00 ex 2005 80 00	20 30	Diasa arbhair (*Zea mays* var. *saccharata*), bídís gearrtha nó ná bídís, atá ar a laghad 10 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 20 mm, ar trastomhas, atá lena núsáid i monarú táirgí de chuid thionscal an bhia atá lena gcóireáil ar shlí seachas trí athphacáil amháin (1) (2) (3)	1.1.-31.12.	550 tonna	0 % (3)
09.2849	ex 0710 80 69	10	Beacáin den speiceas *Auricularia polytricha* (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalbhruith nó trína mbruith), iad reoite, le haghaidh monarú béilí réamhullmhaithe (1) (2)	1.1.-31.12.	700 tonna	0 %
09.2664	ex 2008 60 39	30	Silíní milse a bhfuil biotáille bhreise curtha leo, ina bhfuil cion siúcra nach mó ná 9 % de réir meáchain, nach bhfuil níos mó ná 19,9 mm ar trastomhas, ina bhfuil clocha, agus atá lena núsáid i dtáirgí seacláide (2)	1.1.-31.12.	1 000 tonna	10 %
09.2740	ex 2309 90 31	87	Tiúchán próitéine pónairí soighe ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % (± 10 %) amhphróitéin, — 5 % (± 3 %) amhshnáithín, — 5 % (± 3 %) amhluaith, agus — ar a laghad 3 % ach méid nach mó ná 6,9 % stáirse, atá lena núsáid i monarú táirgí beatha ainmhithe (2)	1.1.-31.12.	30 000 tonna	0 %
09.2913	ex 2401 10 35 ex 2401 10 70 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 20 35 ex 2401 20 70 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95	91 10 11 21 91 91 10 11 21 91	Tobac nádúrtha neamh-mhonaraithe, bíodh sé gearrtha de réir gnáthmhéid nó ná bíodh, ag a bhfuil luach custaim ar a laghad EUR 450 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, atá lena úsáid mar cheanglóir nó mar chumhdach le haghaidh monarú táirgí atá faoi fho-cheannteideal 2402 10 00 (2)	1.1.-31.12.	6 000 tonna	0 %
09.2587	ex 2710 19 81 ex 2710 19 99	20 40	Bonn-ola atá hidrea-isiméirithe agus díchiartha go catalaíoch ó hidreacarbóin shár-iseapairi-fíneacha, ina bhfuil: — ar a laghad 90 % sáitheáin de réir meáchain, agus — méid nach mó ná 0,03 % sulfar de réir meáchain, agus ag a bhfuil — innéacs slaodachta atá ar a laghad 80, ach gan bheith níos mó ná 120, agus — slaodacht chinéimiteach atá ar a laghad 5,0 cSt ag 100 °C, ach gan bheith níos mó ná 13,0 cSt ag 100 °C	1.7.-31.12.	200 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2828	2712 20 90		Céir phairifín ina bhfuil níos lú ná 0,75 % ola de réir meáchain	1.4.-31.10.	60 000 tonna	0 %
09.2600	ex 2712 90 39	10	Céir ola (CAS RN 64742-61-6)	1.1.-31.12.	100 000 tonna	0 %
09.2928	ex 2811 22 00	40	Líonach silice i bhfoirm gráinníní ag a bhfuil íonacht dé-ocsaíde sileacain atá ar a laghad 97 % ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 700 tonna	0 %
09.2806	ex 2825 90 40	30	Trí-ocsaíd tungstain, lena náirítear ocsaíd ghorm tungstain (CAS RN 1314-35-8 nó CAS RN 39318-18-8)	1.1.-31.12.	12 000 tonna	0 %
09.2872	ex 2833 29 80	40	Sulfáit chaeisiam (CAS RN 10294-54-9) i bhfoirm sholadach nó ina tuaslagán uiscí ina bhfuil ar a laghad 48 % ach méid nach mó ná 52 % sulfáit chaeisiam	1.1.-31.12.	200 tonna	0 %
09.2837	ex 2903 79 30	20	Brómaclóraimeatán (CAS RN 74-97-5)	1.1.-31.12.	600 tonna	0 %
09.2933	ex 2903 99 80	30	1,3-Déchlóraibeinséin (CAS RN 541-73-1)	1.1.-31.12.	2 600 tonna	0 %
09.2700	ex 2905 12 00	10	Própán-1-ól (alcól próipile) (CAS RN 71-23-8)	1.1.-31.12.	15 000 tonna	0 %
09.2830	ex 2906 19 00	40	Cioglapróipilmeatanól (CAS RN 2516-33-8)	1.1.-31.12.	20 tonna	0 %
09.2851	ex 2907 12 00	10	o-Créasól (CAS RN 95-48-7) ag a bhfuil íonacht de réir meáchain ar a laghad 98,5 %	1.1.-31.12.	20 000 tonna	0 %
09.2704	ex 2909 49 80	20	2,2,2',2'-Teitricis(hiodrocsaimeitiol)-3,3'-ocsaidéphrópán-1-ól (CAS RN 126-58-9)	1.1.-31.12.	500 tonna	0 %
09.2624	2912 42 00		Eitiolfanailin (3-eatocsai-4-hiodrocsaibeansaildéad) (CAS RN 121-32-4)	1.1.-31.12.	1 950 tonna	0 %
09.2683	ex 2914 19 90	50	Aicéitiolaicéatónáit chailciam (CAS RN 19372-44-2) atá lena húsáid i monarú córas cobhsaitheoirí i bhfoirm taibléid [2]	1.1.-31.12.	200 tonna	0 %
09.2852	ex 2914 29 00	60	Cioglapróipilmeitilcéatón (CAS RN 765-43-5)	1.1.-31.12.	300 tonna	0 %
09.2638	ex 2915 21 00	10	Aigéad aicéiteach (CAS RN 64-19-7) ag a bhfuil íonacht atá ar a laghad 99 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 000 tonna	0 %
09.2972	2915 24 00		Ainhidríd aicéiteach (CAS RN 108-24-7)	1.1.-31.12.	50 000 tonna	0 %
09.2679	2915 32 00		Aicéatáit vinile (CAS RN 108-05-4)	1.1.-31.12.	400 000 tonna	0 %
09.2728	ex 2915 90 70	85	Trífhluaraicéatáit eitile (CAS RN 383-63-1)	1.1.-31.12.	400 tonna	0 %
09.2665	ex 2916 19 95	30	(E,E)-heicsi-2,4-dé-eanóáit photaisiam (CAS RN 24634-61-5)	1.1.-31.12.	8 250 tonna	0 %
09.2684	ex 2916 39 90	28	Clóiríd 2,5-Démheitilfeiniolaicéitile (CAS RN 55312-97-5)	1.1.-31.12.	400 tonna	0 %
09.2599	ex 2917 11 00	40	Ocsaláit dé-eitile (CAS RN 95-92-1)	1.1.-31.12.	500 tonna	0 %
09.2769	ex 2917 13 90	10	Seabacáit dé-mheitile (CAS RN 106-79-6)	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %
09.2634	ex 2917 19 80	40	Aigéad dóideacáindé-óch (CAS RN 693-23-2) ar mó ná 98,5 % a íonacht de réir meáchain	1.7.-31.12.	4 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2808	ex 2918 22 00	10	Aigéad O-Aicéitiolsalaicileach (CAS RN 50-78-2)	1.1.-31.12.	120 tonna	0 %
09.2646	ex 2918 29 00	75	3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit ochtaideicile (CAS RN 2082-79-3): — ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe ar a laghad 49 °C, ach gan bheith níos mó ná 54 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC (2)	1.1.-31.12.	380 tonna	0 %
09.2647	ex 2918 29 00	80	Teitricis(3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit) peinteiritríotóil (CAS RN 6683-19-8): — ar mó ná 75 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 250 µm leithead a mhogaill, agus ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe ar a laghad 110 °C, ach gan bheith níos mó ná 125 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC (2)	1.1.-31.12.	140 tonna	0 %
09.2975	ex 2918 30 00	10	Dé-ainhidríd bheinseafeanóin-3,3',4,4'-teitreacarbocsaileach (CAS RN 2421-28-5)	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %
09.2688	ex 2920 29 00	70	Foisfít tris(2,4-déthreasbhúitilfeinile) (CAS RN 31570-04-4)	1.1.-31.12.	6 000 tonna	0 %
09.2648	ex 2920 90 10	75	Sulfáit démheitile (CAS RN 77-78-1) ar a laghad 99 % a híonacht	1.7.-31.12.	9 000 tonna	2 %
09.2598	ex 2921 19 99	75	Ochtaideiciolaimín (CAS RN 124-30-1)	1.1.-31.12.	400 tonna	0 %
09.2649	ex 2921 29 00	60	Bis(2-démheitiolaimíneitil)(meitiol)aimín (CAS RN 3030-47-5)	1.1.-31.12.	1 700 tonna	0 %
09.2682	ex 2921 41 00	10	Anailín (CAS RN 62-53-3) ag a bhfuil íonacht ar a laghad 99 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 000 tonna	0 %
09.2617	ex 2921 42 00	89	4-Fluarai-N-(1-meitileitil)beinséanaimín (CAS RN 70441-63-3)	1.1.-31.12.	500 tonna	0 %
09.2582	ex 2921 43 00	80	2-Meitiolanailín (CAS RN 95-53-4) ar a laghad 99 % a íonacht	1.7.-31.12.	1 999 tonna	2 %
09.2602	ex 2921 51 19	10	o-Feiniléindé-aimín (CAS RN 95-54-5)	1.1.-31.12.	1 800 tonna	0 %
09.2730	ex 2921 59 90	85	4,4'-Meatáindé-ildé-anailín (CAS RN 101-77-9) ar a laghad 97 % a íonacht de réir meáchain, i bhfoirm gráinníní, lena úsáid i monarú réamhpholaiméirí (2)	1.7.-31.12.	100 tonna	2 %
09.2591	ex 2922 41 00	10	Hidreaclóiríd L-lísín (CAS RN 657-27-2)	1.1.-31.12.	445 000 tonna	0 %
09.2592	ex 2922 50 00	25	L-Tréóinín (CAS RN 72-19-5)	1.1.-31.12.	166 000 tonna	0 %
09.2854	ex 2924 19 00	85	N-búitiolcarbamáit 3-iadapróip-2-inile (CAS RN 55406-53-6)	1.1.-31.12.	250 tonna	0 %
09.2874	ex 2924 29 70	87	Paraicéiteamól (CAS RN 103-90-2)	1.1.-31.12.	20 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2742	ex 2926 10 00	10	Aicrilinítríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 55 agus faoi Cheannteideal 6815 (2)	1.1.-31.12.	60 000 tonna	0 %
09.2583	ex 2926 10 00	20	Aicrilinítríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi Cheannteidil 2921, 2924, 3906 agus 4002 (2)	1.7.-31.12.	20 000 tonna	0 %
09.2856	ex 2926 90 70	84	2-Nítri-4-(trífhluaraimeitil)beinsinítríl (CAS RN 778-94-9)	1.1.-31.12.	900 tonna	0 %
09.2708	ex 2928 00 90	15	Monaimeitilhiodraisín (CAS RN 60-34-4) ina thuaslagán uiscí inarb é 40 % (± 5 %) an cion monaimeitilhiodraisín de réir meáchain	1.1.-31.12.	900 tonna	0 %
09.2581	ex 2929 10 00	25	Dé-isicianáit 1,5-naiftiléin (CAS RN 3173-72-6) ar a laghad 90 % a híonacht	1.7.-31.12.	205 tonna	0 %
09.2685	ex 2929 90 00	30	Nítreaguainidín (CAS RN 556-88-7)	1.1.-31.12.	6 500 tonna	0 %
09.2597	ex 2930 90 98	94	Bis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]déshuilfíd (CAS RN 56706-10-6)	1.1.-31.12.	6 000 tonna	0 %
09.2596	ex 2930 90 98	96	Aigéad beansóch 2-clórai-4-(meitiolsulfóinil)-3-((2,2,2-trífhluarifluaireatocsai)meitile) (CAS RN 120100-77-8)	1.1.-31.12.	300 tonna	0 %
09.2580	ex 2931 90 00	75	Heicsideiciltrímheatocsaisiolán (CAS RN 16415-12-6) ar a laghad 95 % a íonacht de réir meáchain lena úsáid i monarú poileitiléine (2)	1.7.-31.12.	83 tonna	0 %
09.2842	2932 12 00		2-Fúraildéad (fúrfúraildéad)	1.1.-31.12.	10 000 tonna	0 %
09.2955	ex 2932 19 00	60	Fluartamón (ISO) (CAS RN 96525-23-4)	1.1.-31.12.	300 tonna	0 %
09.2696	ex 2932 20 90	25	Deacán-5-óilíd (CAS RN 705-86-2)	1.1.-31.12.	6 000 cileagram	0 %
09.2697	ex 2932 20 90	30	Dóideacán-5-óilíd (CAS RN 713-95-1)	1.1.-31.12.	6 000 cileagram	0 %
09.2812	ex 2932 20 90	77	Heacsán-6-óilíd (CAS RN 502-44-3)	1.1.-31.12.	4 000 tonna	0 %
09.2858	2932 93 00		Pipearóinil (CAS RN 120-57-0)	1.1.-31.12.	220 tonna	0 %
09.2673	ex 2933 39 99	43	2,2,6,6-Teitrimeitilpipiridín-4-ól (CAS RN 2403-88-5)	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %
09.2674	ex 2933 39 99	44	Clóirpireafos (ISO) (CAS RN 2921-88-2)	1.1.-31.12.	9 000 tonna	0 %
09.2880	ex 2933 59 95	39	Iobrúitinib (INN) (CAS RN 936563-96-1)	1.1.-31.12.	5 tonna	0 %
09.2860	ex 2933 69 80	30	1,3,5-Tris[3-(démheitiolaimínea)próipil]heacsaihidri-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 15875-13-5)	1.1.-31.12.	600 tonna	0 %
09.2595	ex 2933 99 80	49	1,4,7,10-Teatrasaiciogladóideacán (CAS RN 294-90-6)	1.1.-31.12.	40 tonna	0 %
09.2658	ex 2933 99 80	73	5-(Aicéataicéitiolaimíni)beinsimíodasólón (CAS RN 26576-46-5)	1.1.-31.12.	400 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2593	ex 2934 99 90	67	Aigéad 5-cláraitiaifín-2-carbocsaileach (CAS RN 24065-33-6)	1.1.-31.12.	45 000 cileagram	0 %
09.2675	ex 2935 90 90	79	Clóiríd 4-[[(2-meatocsaibeansóil)aimínea]sulfóinil]beansóile (CAS RN 816431-72-8)	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %
09.2710	ex 2935 90 90	91	(3R,5S,6E)-7-(4-(4-fluaraifeinil)-6-iseapróipil-2-(N-meitiolsulfónaimídi)pirimidín-5-il)-3, 5-déhiodrocsaiheapt-6-anóáit 2,4,4-Trímheitilpeantán-2-aiminiam (CAS RN 917805-85-7)	1.1.-31.12.	5 000 cileagram	0 %
09.2945	ex 2940 00 00	20	D-Xiolós (CAS RN 58-86-6)	1.1.-31.12.	400 tonna	0 %
09.2686	ex 3204 11 00	75	Dathán C.I. Disperse Yellow 54 (CAS RN 7576-65-0) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Disperse Yellow 54 atá ar a laghad 99 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	250 tonna	0 %
09.2676	ex 3204 17 00	14	Ullmhóidí atá bunaithe ar an dathán C.I. Pigment Red 48:2 (CAS RN 7023-61-2) ag a bhfuil cion den dathán sin atá ar a laghad 60 % ach gan bheith níos mó ná 85 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 tonna	0 %
09.2698	ex 3204 17 00	30	Dathán C.I. Pigment Red 4 (CAS RN 2814-77-9) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Pigment Red 4 atá cothrom le ar a laghad 60 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 tonna	0 %
09.2659	ex 3802 90 00	19	Cré ionfúsórach arna cailcíniú le flosc sóide	1.1.-31.12.	35 000 tonna	0 %
09.2908	ex 3804 00 00	10	Ligneasulfáit sóidiam (CAS RN 8061-51-6)	1.1.-31.12.	40 000 tonna	0 %
09.2889	3805 10 90		Tuirpintín sulfáite	1.1.-31.12.	25 000 tonna	0 %
09.2935	ex 3806 10 00	10	Aigéid róisín agus roisín ó olaroisíní úra	1.1.-31.12.	280 000 tonna	0 %
09.2832	ex 3808 92 90	40	Ullmhóid ina bhfuil cion since piritióin (CAS RN 13463-41-7) ina heasrán uiscí atá cothrom le ar a laghad 38 % ach gan bheith níos mó ná 50 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	500 tonna	0 %
09.2876	ex 3811 29 00	55	Breiseáin arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin défheiniolaimín agus nóinéiní brainseacha ina bhfuil, de réir meáchain: — ar a laghad 28 % ach méid nach mó ná 55 % 4-monanaoinildéfheiniolaimín, — ar a laghad 45 % ach méid nach mó ná 65 % 4,4'-dénaoinildéfheiniolaimín, agus — méid nach mó ná 5 % 2,4-dénaoinildéfheiniolaimín agus 2,4'-dénaoinildéfheiniolaimín, a úsáidtear le haghaidh monarú olaí bealaithe ([2])	1.1.-31.12.	900 tonna	0 %
09.2814	ex 3815 90 90	76	Catalaíoch arb é atá ann dé-ocsaíd tíotáiniam agus trí-ocsaíd tungstain	1.1.-31.12.	3 000 tonna	0 %
09.2820	ex 3824 79 00	10	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain: — ar a laghad 60 % ach méid nach mó ná 90 % 2-clórapróipéin (CAS RN 557-98-2), — ar a laghad 8 % ach méid nach mó ná 14 % (Z)-1-clórapróipéin (CAS RN 16136-84-8), — ar a laghad 5 % ach méid nach mó ná 23 % 2-clóraprópán (CAS RN 75-29-6), — méid nach mó ná 6 % 3-clórapróipéin (CAS RN 107-05-1), agus — méid nach mó ná 1 % clóiríd eitile (CAS RN 75-00-3)	1.1.-31.12.	6 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2644	ex 3824 99 92	77	Ullmhóid ina bhfuil, de réir meáchain: — ar a laghad 55 % ach méid nach mó ná 78 % glútaráit démheitile (CAS RN 1119-40-0), — ar a laghad 10 % ach méid nach mó ná 30 % adapáit démheitile (CAS RN 627-93-0), agus — méid nach mó ná 35 % sucsanáit démheitile (CAS RN 106-65-0)	1.1.-31.12.	10 000 tonna	0 %
09.2681	ex 3824 99 92	85	Meascán de bhis [3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]suilfídí (CAS RN 211519-85-6)	1.1.-31.12.	9 000 tonna	0 %
09.2650	ex 3824 99 92	87	Aicéitifeanón (CAS RN 98-86-2) ag a bhfuil íonacht ar a laghad 60 % ná sin ach gan bheith níos mó ná 90 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	2 000 tonna	0 %
09.2888	ex 3824 99 92	89	Meascán d'aimíní ailcildémheitile treasacha ina bhfuil, de réir meáchain: — ar a laghad 60 % ach méid nach mó ná 80 % dóideicildémheitiolaimín (CAS RN 112-18-5), agus — ar a laghad 20 % ach méid nach mó ná 30 % démheitil(teitrideicil)imín (CAS RN 112-75-4)	1.1.-31.12.	25 000 tonna	0 %
09.2829	ex 3824 99 93	43	Úsc soladach ón iarmhar, agus é dothuaslagtha i dtuaslagóirí alafatacha, a fuarthas le linn úscadh róisín as adhmad, agus na saintréithe seo a leanas ag baint leis: — cion aigéid roisín nach mó ná 30 % de réir meáchain, — aigéad-uimhir nach airde ná 110, agus — leáphointe ar a laghad 100 °C	1.1.-31.12.	1 600 tonna	0 %
09.2907	ex 3824 99 93	67	Meascán d'fhítistéaróil, i bhfoirm púdair, ina bhfuil, de réir meáchain: — ar a laghad 75 % stéaróil, — méid nach mó ná 25 % stanóil, atá lena húsáid i monarú stanól/stéaról nó eistear stanóil/stéaróil ([2])	1.1.-31.12.	2 500 tonna	0 %
09.2639	3905 30 00		Alcól polaivinile, bíodh grúpaí aicéatáite neamh-hidrealaithe ann nó ná bíodh	1.1.-31.12.	15 000 tonna	0 %
09.2671	ex 3905 99 90	81	Bútaral polaivinile (CAS RN 63148-65-2): — ina bhfuil, de réir meáchain, ar a laghad 17,5 % ach méid nach mó ná 20 % grúpaí hiodrocsaile; agus — ar mó ná 0,6 mm méid airmheánach na gcáithníní (D50) atá ann	1.1.-31.12.	12 500 tonna	0 %
09.2846	ex 3907 40 00	25	Cumasc polaiméireach de pholacarbanáit agus polai(meataicrioláit mheitile) ag a bhfuil cion polacarbanáite ar a laghad 98,5 % de réir meáchain, i bhfoirm millíní nó gráinníní, agus tarchuras solais ar a laghad 88,5 % arna thomhas le sampla tástála atá ar tiús 4 mm ag an tonnfhad λ = 400 nm (de réir ISO 13468-2)	1.1.-31.12.	2 000 tonna	0 %
09.2723	ex 3911 90 19	10	Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsai-4,4'-défheiniléin)	1.1.-31.12.	5 000 tonna	0 %
09.2816	ex 3912 11 00	20	Calóga aicéatáite ceallalóis	1.1.-31.12.	75 000 tonna	0 %
09.2864	ex 3913 10 00	10	Ailgionáit sóidiam a úscadh as feamainn rua (CAS RN 9005-38-3)	1.1.-31.12.	10 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2641	ex 3913 90 00	87	Hialúrónáit sóidiam neamhsteiriúil: — nach mó ná 900 000 meánmheáchan a meáchain mhóilínigh (M_w), — nach mó ná 0,008 aonad Iontocsaine (EU)/mg an leibhéal iontocsainí atá inti, — nach mó ná 1 % de réir meáchain an cion eatánóil atá inti, — nach mó ná 0,5 % de réir meáchain an cion iseaprópánóil atá inti	1.1.-31.12.	200 cileagram	0 %
09.2661	ex 3920 51 00	50	Leatháin de pholaimeitilmeataicrioláit atá i gcomhréir leis na caighdeáin: — EN 4364 (MIL-P-5425E) agus DTD5592A, nó — EN 4365 (MIL-P-8184) agus DTD5592A	1.1.-31.12.	100 tonna	0 %
09.2645	ex 3921 14 00	20	Bloc ceallach de cheallalós athghinte atá tuilithe le huisce ina bhfuil clóiríd mhaignéisiam agus comhdhúile amóiniam cheathartha ar mhéid 100 cm (± 10 cm) x 100 cm (± 10 cm) x 40 cm (± 5 cm)	1.1.-31.12.	1 700 tonna	0 %
09.2848	ex 5505 10 10	10	Dramhaíl as snáithíní sintéiseacha (lena náirítear scothanna, dramhaíl as snáth, agus stoc gairnéadaithe) as níolón nó polaimídí eile (PA6 agus PA66)	1.1.-31.12.	10 000 tonna	0 %
09.2721	ex 5906 99 90	20	Fabraic theicstíle rubaraithe atá fite lannaithe agus na saintréithe seo a leanas ag baint léi: — trí shraith, — fabraic aicrileach atá i sraith sheachtrach amháin, — fabraic phoileistir atá sa tsraith sheachtrach eile, — rubar clórabúitile atá sa tsraith láir, — tá meáchan ina sraith láir atá ar a laghad 452 g/m² ach gan bheith níos mó ná 569 g/m² — tá meáchan iomlán inti atá cothrom le ar a laghad 952 g/m² ach gan bheith níos mó ná 1159 g/m², agus — tá tiúchan iomlán inti atá cothrom le ar a laghad 0,8 mm ach gan bheith níos mó ná 4 mm, úsáidtear í le haghaidh monarú díonta inardaithe mótarfheithiclí ([2])	1.1.-31.12.	375 000 méadair chearnacha	0 %
09.2594	ex 6909 19 00	55	Cartús ionsúite carbóin ceirmigh: — déanmhas sorcóireach ilcheallach faoi chumhdach ceirmigh bhácáilte easbhrúite, — cion carbóin ghníomhachtaithe atá ar a laghad 10 % ach gan bheith níos mó ná 30 % de réir meáchain, — cion ceanglóra cheirmigh atá ar a laghad 70 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 90 % de réir meáchain, — atá ar a laghad 29 mm ach gan bheith níos mó ná 41 mm, ar trastomhas, — nach mó ná 150 mm ar fad, — é bácáilte ag teocht 800 °C ar a laghad, agus — le haghaidh asú gal de chineál a úsáidtear lena chur in ionsúirí gal breosla i gcórais bhreosla mótarfheithiclí	1.1.-31.12.	1 000 000 píosa	0 %
09.2866	ex 7019 12 00 ex 7019 12 00	06 26	Stratifils gloine S (caisirníní): — atá comhdhéanta d'fhiliméid leanúnacha ghloine 9 µm (±0,5 µm), — ar mhéid ar a laghad 200 tex ach gan bheith níos mó ná 680 tex, — nach bhfuil aon ocsaíd charbóin iontu, agus — arb é 3 550 MPa a neart briste de réir ASTM D2343-09, atá lena n-úsáid i monarú san aerloingseoireacht ([2])	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2628	ex 7019 52 00	10	Mogall gloine atá fite as snáithín gloine atá cumhdaithe le plaisteach, arb é 120 g/m² (± 10 g/m²) an meáchan atá ann, de chineál a úsáidtear i sciatha feithidí inchorntha ina bhfuil frámaí suite	1.1.-31.12.	3 000 000 méadair chearnacha	0 %
09.2799	ex 7202 49 90	10	Fearóchróimiam ina bhfuil ar a laghad 1,5 % ach méid nach mó ná 4 % carbón agus méid nach mó ná 70 % cróimiam de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 000 tonna	0 %
09.2652	ex 7409 11 00 ex 7410 11 00	30 40	Scragall agus bandaí copair mhínghlanta arna monarú go leictrealaíoch ar a laghad 0,015 mm ar tiús	1.1.-31.12.	1 020 tonna	0 %
09.2734	ex 7409 19 00	20	Plátaí nó leatháin arb é atá iontu: — sraith de cheirmeach nítríde sileacain atá ar a laghad 0,32 mm (±0,1 mm), ach gan bheith níos mó ná 1,0 mm (±0,1 mm), ar tiús — atá cumhdaithe ar an dá thaobh le scragall de chopar scagtha atá 0,8 mm (±0,1 mm) ar tiús, agus — atá cumhdaithe go páirteach ar thaobh amháin le cumhdach airgid	1.1.-31.12.	7 000 000 píosa	0 %
09.2662	ex 7410 21 00	55	Plátaí: — arb é atá iontu sraith amháin ar a laghad d'fhabraic snáithín gloine atá tuilithe le roisín eapocsaíde, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le scragall copair nach mó ná 0,15 mm ar tiús, — ag a bhfuil tairiseach tréleictreach (DK) is lú ná 5,4 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil tadhlaí caillteanais (DK) is lú ná 0,035 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — arb é ar a laghad 600 a ninnéacs rianaithe comparáideach	1.1.-31.12.	80 000 méadair chearnacha	0 %
09.2834	ex 7604 29 10	20	Slata cómhiotal alúmanaim atá ar a laghad 200 mm, ach gan bheith níos mó ná 300 mm, ar trastomhas	1.1.-31.12.	2 000 tonna	0 %
09.2835	ex 7604 29 10	30	Slata cóimhiotal alúmanaim atá ar a laghad 300,1 mm, ach gan bheith níos mó ná 533,4 mm, ar trastomhas	1.1.-31.12.	1 000 tonna	0 %
09.2736	ex 7607 11 90	83	Stiall nó scragall de chóimhiotal alúmanaim agus maignéisiam: — de chóimhiotal atá i gcomhréir leis na caighdeáin 5182-H19 nó 5052-H19, — ina rollaí agus atá ar a laghad 1 250 mm ar a laghad, agus 1 350 mm ar a mhéad, ar trastomhas seachtrach — atá 0,15 mm, 0,16 mm, 0,18 mm nó 0,20 mm ar tiús (lamháltas - 0,006 mm), — atá 12,5 mm, 15,0 mm, 16,0 mm, 25,0 mm, 35,0 mm, 50,0 mm nó 356 mm ar leithead (lamháltas ±0,3 mm), — nach mó ná 0,4 mm/750 mm a lamháltas droinne, — ag a bhfuil tomhas plánachta: aonad I: ± 4, — ar mó ná (5182-H19) 365 MPa nó (5052-H19) 320 MPa an neart teanntachta atá iontu, — ar mó nó (5182-H19) 3 % nó (5052-H19) 2,5 % a bhfadú A50, atá lena núsáid i monarú lataí le haghaidh dallóg [2]	1.1.-31.12.	600 tonna	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2722	8104 11 00		Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil 99,8 % maignéisiam ar a laghad de réir meáchain	1.1.-31.12.	120 000 tonna	0 %
09.2840	ex 8104 30 00	20	Púdar maignéisiam: — ar a laghad 98 %, ach nach mó ná 99,5 %, a íonacht de réir meáchain, — a bhfuil a cháithníní ar a laghad 0,2 mm, ach gan bheith níos mó ná 0,8 mm	1.1.-31.12.	2 000 tonna	0 %
09.2629	ex 8302 49 00	91	Hanla teileascópach alúmanaim atá lena úsáid i monarú bagáiste (2)	1.1.-31.12.	1 500 000 píosa	0 %
09.2720	ex 8413 91 00	50	Ceann caidéil le haghaidh caidéal ardbhrú dhá shorcóir atá déanta as cruach ghaibhnithe ina bhfuil: — feistithe snáithithe foirbthe atá ar a laghad 10 mm, ach gan bheith níos mó ná 36,8 mm, ar trastomhas, agus — cainéil dhruileáilte bhreosla atá ar a laghad 3,5 mm, ach gan bheith níos mó ná 10 mm, ar trastomhas, de chineál a úsáidtear i gcórais insteallta díosail	1.1.-31.12.	65 000 píosa	0 %
09.2738	ex 8482 99 00	30	Cásanna práis — ar a bhfuil múnlú leanúnach nó lártheifeach déanta, — ar a bhfuil deileadh déanta, — ina bhfuil, de réir meáchain, ar a laghad 35 % ach méid nach mó ná 38 % sinc, — ina bhfuil, de réir meáchain, ar a laghad 0,75 % ach méid nach mó ná 1,25 % luaidhe, — ina bhfuil, de réir meáchain, ar a laghad 1,0 % ach méid nach mó ná 1,4 % alúmanam, agus — a bhfuil an neart teanntachta atá iontu ar a laghad 415 Pa, de chineál a úsáidtear i monarú grán iompair	1.1.-31.12.	50 000 píosa	0 %
09.2763	ex 8501 40 20 ex 8501 40 80	40 30	Mótar cómhalartáin leictreach srutha ailtéarnaigh a bhfuil a chumhacht aschuir cothrom le ar a laghad 250 W, a bhfuil a chumhacht ionchuir cothrom le ar a laghad 700 W gan bheith níos má nó 2 700 W, atá 120 mm (±0,2 mm), ach nach bhfuil níos mó ná 135 mm (±0,2 mm), ar trastomhas seachtrach, ar tapúla ná 30 000 isn ach nach tapúla ná 50 000 isn a luas rátaithe, ar a bhfuil aerthóir ionsaithe aeir feistithe agus atá lena úsáid i monarú folúsghlantóirí (2)	1.1.-31.12.	2 000 000 píosa	0 %
09.2588	ex 8529 90 92	56	Scáileán LCD: — ar a bhfuil painéal tadhaill, — ina bhfuil clár ciorcaid phriontáilte amháin ar a laghad le haghaidh seolachán picteilíní gaireas sclábhaithe simplí (feidhm rialaitheora uainiúcháin) agus rialtán tadhaill, le EEPROM (cuimhne inléite amháin in-ríomhchláraithe in-léirscriosta go leictreach) le haghaidh na socruithe taispeána, — atá ar a laghad 15 cm, ach gan bheith níos mó ná 21 cm, ar fad bunaithe ar thomhas fiarthrasna, — ar a bhfuil cúlsolas, — ar a bhfuil nascóir comharthaíochta difreálaí ísealvoltais agus nascóir soláthair cumhachta, — ag a bhfuil uillinn féachana ar a laghad 70 céim, agus — arb é ar a laghad 715 cd/m² a lonras, lena úsáid i monarú mótarfheithiclí atá faoi Chaibidil 87 (2)	1.7.-31.12.	450 000 píosa	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Dleacht an chuóta (%)
09.2672	ex 8529 90 92 ex 9405 40 39	75 70	Clár ciorcaid phriontáilte ar a bhfuil dé-óidí LED: — bíodh priosmaí/lionsaí feistithe air nó ná bídís, agus — bíodh nascóir/nascóirí feistithe orthu ná ná bíodh a úsáidtear i monarú aonad cúlsolais le haghaidh earraí atá faoi Cheannteideal 8528 ([2])	1.1.-31.12.	115 000 000 píosa	0 %
09.2003	ex 8543 70 90	63	Gineadóir minicíochta rialaithe voltais arb é atá ann eilimintí gníomhacha agus éighníomhacha atá feistithe ar chiorcad priontáilte agus é i gcásáil nach mó ná 30 mm x 30 mm	1.1.-31.12.	1 400 000 píosa	0 %
09.2910	ex 8708 99 97	75	Brac taca cóimhiotail alúmanaim ar a bhfuil poill feistiúcháin, bíodh cnónna teannta air nó ná bídís, chun an giarbhosca a cheangal go hindíreach le cabhail an chairr lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87 ([2])	1.1.-31.12.	200 000 píosa	0 %
09.2694	ex 8714 10 90	30	Teanntáin acastóra, cásálacha, droichid foirc agus píosaí teanntála, as cóimhiotal alúmanaim de chineál a úsáidtear le haghaidh gluaisrothar	1.1.-31.12.	1 000 000 píosa	0 %
09.2668	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	21 31 75	Fráma rothair arna dhéanamh as snáithíní carbóin agus roisín saorga, lena úsáid i monarú rothar (lena n-áirítear rothair leictreacha)(2)	1.7.-31.12.	250 000 píosa	0 %
09.2589	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	23 33 70	Fráma atá déanta as alúmanam nó as snáithíní alúmanaim agus carbóin agus atá lena úsáid i monarú rothar (lena náirítear rothair leictreacha) ([2])	1.1.-31.12.	8 000 000 píosa	0 %
09.2631	ex 9001 90 00	80	Lionsaí, priosmaí agus eilimintí dlúite as gloine, iad neamhfheistithe, atá lena núsáid i monarú nó i ndeisiú earraí atá faoi na cóid AC 9002, 9005, 9013 10 agus 9015 ([2])	1.1.-31.12.	5 000 000 píosa	0 %”

([1]) Maidir le dleachtanna taraife a chur ar fionraí, áfach, níl sin infheidhme i gcás ina ndéanann gnóthais mhiondíola nó lónadóireachta an phróiseáil.

([2]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([3]) Ní chuirtear ar fionraí ach an dleacht *ad valorem*. Leanann an dleacht shonrach de bheith infheidhme.